Coimisiún na Meán

FUAIM & FÍS

# Babhta 50: Maoiniú chun Tacú le Raidió Tráchtála Neamhspleách

## Treoir d'Iarratasóirí

Foilsithe: Iúil 2023

Coimisiún
na Meán

**Ábhar**


Cuid 1: Réamhrá ....2

Cuid 2: Aidhmeanna agus Cuspóirí an Bhabhta ....2

Cuid 3: Téamaí Straitéiseacha an Bhabhta ....2

Cuid 4: Cá mhéad maoinithe atá ar fáil? ....3

Cuid 5: Mar is féidir iarratas a dhéanamh ....4

Cuid 6: Cén chaoi a ndéanfar m'iarratas a mheas? ....5

- Céim Cháilíochta: ....5
- Céim Measúnaithe Cháilíochtúil: ....5
- Céim Measúnaithe Straitéisigh: ....6
- Breithniú an Choimisiúin: ....6

Cuid 7: An Próiseas Cinnteoireachta ....6

Cuid 8: Conraitheoireacht agus maoiniú a tharraingt anuas ....7

Cuid 9: Saoráil Faisnéise ....7

Cuid 10: Cosaint Sonraí ....8

Aguisín 1 - Critéir an Mheasúnaithe ....9

Aguisín 2 - Eolas Úsáideach d'Iarratasóirí .... 11

Aguisín 3: Treoirlínte maidir leis an mBuiséad agus Nótaí Buiséid ....12

Coimisiún na Meán

## Cuid 1: Réamhrá

Is scéim maoinithe é Fuaim agus Fís 4 ("an Scéim") do chláir raidió agus theilifíse agus chun craolachán a fhorbairt, a bunaíodh faoi fhorálacha an Achta Craolacháin, 2009, arna leasú ("an tAcht"). Tá sé chuspóir sonraithe don Scéim atá leagtha amach in Alt 155 den Acht, ina bhfuil ceann acu ann chun craolachán áitiúil a fhorbairt.

Mar fhreagra ar iarraidh ón Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin Uasal, T.D., agus chun na cuspóirí sin a bhaint amach tuilleadh, tá Coimisiún na Meán ag cur an tionscnaimh maoinithe seo i bhfeidhm **chun tacú le Raidió Tráchtála Neamhspleách.** Tá maoiniú suas go dtí €2.5 mhilliún san iomlán ar fáil.

## Cuid 2: Aidhmeanna agus Cuspóirí an Bhabhta

Le linn an ama seo ina bhfuil cur isteach suntasach sna meáin, is féidir le Raidió Tráchtála Neamhspleách ról ríthábhachtach a chomhlíonadh maidir le tacaíocht a thabhairt do dhaonlathas áitiúil agus pobail acmhainneacha a thógáil in Éirinn. I dtaca leis sin, léiríodh san earnáil trí scéimeanna, Fuaim & Fís, roimhe seo babhtaí maoinithe Covid agus faoi mar is féidir leo spiorad pobail a chothú agus a bheith ionchuimsitheach, eolasach, oideachasúil, tarraingteach agus siamsúil do lucht féachana na hÉireann ar bhonn áitiúil, réigiúin agus náisiúnta. Is féidir ról suntasach a bheith ag maoiniú na Scéime, Fuaim & Fís, maidir le cúnamh a thabhairt don earnáil chun na pobail acmhainneacha sin a thógáil. Chun pobail acmhainneacha a thógáil, is féidir le craoltóirí díriú ar roinnt príomhghnéithe. Ar an gcéad dul síos, is féidir leo tús áite a thabhairt d'ábhar tarraingteach agus eolasach a léiriú agus a chraoladh lena dtugtar aghaidh ar shuimeanna agus riachtanais ar leith an phobail áitiúil agus a chomhpháirteanna. Trí chláir eolasacha oideachasúla a chur ar fáil, chomh maith le hábhar atá ábhartha ó thaobh an chultúir, is féidir le craoltóirí mothú muintearais agus ceangail a chothú i measc daoine sa phobal, lena n-áirítear na daoine sin ar an imeall, ar an aer agus den aer araon.

Is féidir rannpháirtíocht idirphlé agus comhoibriú a spreagadh trí infheistíocht a dhéanamh i gcláir a dhéanamh agus tionscnaimh rannpháirtíochta pobail amhail cruinnithe i halla an bhaile, ceardlanna agus fóraim phoiblí. Is féidir le maoiniú ón Scéim Fuaime & Físe a bheith mar acmhainn luachmhar le go mbeidh craoltóirí in ann cur lena gcumas léirithe, cláir, feabhas a chur ar bhonneagar teicniúil agus tionscadail nuálacha atá dírithe ar an bpobal a fhorbairt. Is féidir leis an tacaíocht airgid seo craoltóirí a chumasú le go mbeidh siad in ann a misean a bhaint amach chun pobail acmhainneacha a thógáil trí uileghabhálacht a chothú, idirphlé a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh áitiúla.

Tá sé d'aidhm ag an mbabhta seo maoiniú a chur ar fáil do stáisiúin Raidió Tráchtála Neamhspleách chun ábhar breise agus nua a fhorbairt agus a léiriú dá lucht féachana. D'aithin Coimisiún na Meán, i gcomhar le Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann ("CNÉ"), roinnt réimsí straitéiseacha do chláir den chineál sin a bhainfidh cuspóirí an chiste amach ach a chuideoidh freisin le riachtanais forbartha agus riachtanais chlár na stáisiún agus a chinnteoidh go mbeidh aon ábhar a léiríodh ábhartha agus go gcuirfidh sé leis an sceideal agus fealsúnacht clár ar leith atá ag gach craoltóir.

## Cuid 3: Téamaí Straitéiseacha an Bhabhta

Dá bhrí sin, ba cheart d'iarratais agus aon chlár a bheidh ann dá bharr plé a dhéanamh ar cheann amháin nó níos mó de na Téamaí Straitéiseacha[1] leathana seo a leanas.

***Litearthacht sna Meáin***

Ba cheart tacaíocht a thabhairt don stáisiún chun an lucht féachana a chumasú leis na scileanna agus eolas chun tuiscint a fháil mar a oibríonn na meáin sa timpeallacht meán cumarsáide atá ag athrú.

***Claochlú Digiteach***

Ba cheart tacaíocht a thabhairt don stáisiún le modhanna a phlé maidir le digitiú a dhéanamh, úsáid a bhaint as ardáin, an lucht féachana a leathnú lena n-áirítear lucht féachana níos óige agus lucht féachana a bhaineann le grúpa mionlaigh, agus tionscnaimh clár a fheabhsú lena n-áirítear na cinn sin maidir le Litearthacht sna Meáin agus Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht.

***Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht***

Ba cheart tacaíocht a thabhairt don stáisiún chun cumas a fhorbairt i ndéanamh clár agus ábhar clár a bhfuil sé mar aidhm acu sin cur le héagsúlacht, inrochtaineacht, ionchuimsitheacht agus ionadaíocht na ndaoine éagsúla a bhfuil cónaí orthu ina bpobail agus go háirithe do na grúpaí agus do na daoine aonair sin ina bpobail nach bhfuil a gcuid scéalta agus tuairimí le cloisteáil go minic, más annamh.

**Pobail a Fhorbairt agus Pobail Leasmhara**

Ba cheart tacaíocht a thabhairt don stáisiún chun tionscnaimh a chruthú lena gcothaítear rannpháirtíocht, caidreamh agus tacaíocht fheabhsaithe i measc na n-éisteoirí ar féidir leo, duine ar dhuine, an freastal atá ag aschur an stáisiúin a mhéadú, an pobal a thabhairt le chéile agus deiseanna a chur ar fáil do dhaoine chun ceangal a dhéanamh leis an stáisiún agus lena chéile. Moltar do stáisiúin a bheith ionchuimsitheach trí gach céim den phróiseas léirithe clár agus gníomhaíochtaí gaolmhara, i.e. a bheith rannpháirteach leis na héisteoirí as gach cúlra agus iad a bheith rannpháirteach agus chun cuidiú le pobail éagsúla láidre a fhorbairt, pobail a bhfuil tuiscint níos fearr acu faoi mar is féidir lena bpobail a bheith faoi thionchar agus forbartha agus a bheith níos acmhainní.

*I dtaca leis sin, moltar go láidir sa Choimisiún go gcuirfidh craoltóirí smaointe chun cinn le haghaidh cláir bhreise chruthaitheachta agus nuálacha ina mbeidh ábhar luachmhar ann mar thoradh air sin don stáisiún(stáisiúin) agus don lucht féachana araon, lena n-áirítear grúpaí mionlaigh agus an óige.*

**Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?**

Ní féidir ach seirbhísí craoltóireachta fuaime tráchtála lánaimseartha iarratas a dhéanamh ar an mbabhta maoinithe seo.

[1] Féach Aguisín 2.

## Cuid 4: Cé mhéad maoinithe atá ar fáil?

Tá suas go dtí €2.5m á chur ar fáil sa bhabhta seo.

Lena chinntiú go mbainfear amach aidhmeanna an bhabhta seo ar an mbealach is fearr, tá leibhéal maoinithe níos airde ar fáil do sheirbhísí craoltóireachta fuaime a bhfuil sé de chúram orthu níos mó ábhair faisnéise agus chainte a chur ar fáil do chláir ná mar atá ar fáil do sheirbhísí craoltóireachta fuaime atá bunaithe ar an gceol den chuid is mó, ceol sainréimse san áireamh. Sa chomhthéacs sin, tá na méideanna is mó maoinithe deontais leagtha amach sa tábla thíos.

| Cineál Conartha Craoltóireachta Fuaime & Ábhar | An méid is mó ar féidir iarratas a dhéanamh ina leith (85%) |
|---|---|
| Formáid Leathan Áitiúil | €95,000 |
| An Óige Réigiúnach, *Quasi-National Speech* | €85,000 |
| Seirbhísí bunaithe ar an gCeol Áitiúil & Seirbhísí bunaithe ar an gCeol Náisiúnta | €70,000 |
| Seirbhísí bunaithe ar ag gCeol Sainréimse | €40,000 |

Forchoimeádann Coimisiún na Meán an ceart méid níos lú maoinithe ná mar a iarrtar a thairiscint don iarratasóir. Sa chás go dtarlaíonn sin, cuirfidh an Coimisiún aiseolas agus bunús ar fáil maidir leis an gcinneadh sin.

### An bhfuil teorainneacha leis an méid deontais ar féidir le hiarratasóirí a fháil?

Faoi Rialacha maidir le Státchabhair, ní féidir leis an Scéim ach suas go dtí % de bhuiséad iomlán an tionscadail a chur ar fáil. Ní hionann an méid is mó a chuirfear ar fáil agus níos mó de na nithe seo a leanas:

| Méid an Deontais | An céatadán is mó den bhuiséad iomlán incháilithe |
|---|---|
| €0 - €20,000 | Suas go 95% |
| €20,001 - €40,000 | Suas go 90% |
| €40,001 - €55,000 | Suas go 85% |
| Níos mó ná €55,001 | Le socrú ar bonn cás ar chás ach ní bheidh sé níos mó ná 85% |

**Céard chuige ar féidir le stáisiún an maoiniú a úsáid?**

Is éard is príomhchuspóir na scéime, Fuaim & Fís, ná tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt ábhair bhreise ar ardchaighdeán do lucht féachana na hÉireann. Is éard atá i gceist le hábhar breise ná ábhar nach mbeadh cruthaithe murach an tacaíocht sin (toisc, mar shampla, go bhfuil sé dúshlánach nó nach bhfuil sé indéanta an t-ábhar sin a léiriú). Trí mhaoiniú a chur ar fáil d'ábhar mar sin, cuireann an scéim, Fuaim & Fís, go mór le roghanna éisteachta agus féachana lucht féachana na hÉireann.

Tá maoiniú ar fáil dá bhrí sin do chostais a bhaineann go díreach le, agus a thacaíonn le, baint amach an tionscadail. I measc samplaí de na costais incháilithe, tá:

- Costais Foirne & Tuarastail d'oibrithe ar fostú agus/nó atá ceaptha chun gníomhaíochtaí/tionscadail a sholáthar (seachas aon mhaoiniú a fuarthas ó fhoinsí eile a chlúdaíonn costais foirne agus tuarastail).
- Costais riaracháin ghaolmhara (seachas aon mhaoiniú ó fhoinsí eile a chlúdaíonn costais riaracháin & forchostais).
- Costais fóntais/reatha ghaolmhara (seachas aon mhaoiniú ó fhoinsí eile a chlúdaíonn costais riaracháin & forchostais).
- Costais soláthair tionscadail
- Costais ábhartha do spás stiúideo.
- Bolscaireacht agus cumarsáid an stáisiúin chun aird a tharraingt ar ghníomhaíochtaí an stáisiúin maidir leis na gníomhaíochtaí agus/nó an tionscadal maoinithe.

- Costais mheantóireachta, forbartha agus oiliúna.
- Taisteal agus costais do rannpháirtithe atá páirteach sa tionscadal/sna tionscadail.

**Ní** chlúdófar na costais seo a leanas leis an maoiniú:

Costais Chaipitil nó Trealaimh Oifige go ginearálta, Imeachtaí Urraíochta/Tiomsaithe Airgid, Fiacha agus táillí seirbhíse fiacha, Ús atá dlite, Drochfhiacha, Obair atá ar bun cheana féin, Tionscadail/gníomhaíochtaí/poist atá ag fáil maoiniú poiblí leanúnach cheana féin ó Rialtas na hÉireann, nó aon fhoinse phoiblí eile nó an AE, muirir/costais le haghaidh aon tionscadail eile a fhaigheann maoiniú ó fhoinsí tráchtála nó poiblí (an Rialtas & an AE), fíneálacha reachtúla, Táillí ceadúnais/cóipcheart, Iasachtaí/costais scairshealbhóirí agus aon chineál costais den chineál sin.

**Nóta maidir le costais chaipitil**

Tá costais chaipitil neamh-incháilithe den chuid is mó. Mar sin féin, d'fhéadfadh roinnt costais chaipitil ísle (mar shampla, trealamh taifeadta a cheannach) a bheith incháilithe do mhaoiniú. Sna cásanna sin, ní mór d'iarratasóirí bunús mionsonraithe a chur ar fáil maidir leis an bhfáth a bhfuil na costais chaipitil sin de dhíth agus an fáth ar chóir don Scéim, agus ní an craoltóir, íoc astu. Déanfar an iarraidh agus réasún a mheas ar bhonn cás ar cás. Féadfaidh Coimisiún na Meán suas go 80% de chostais chaipitil den sórt sin a chur ar fáil.

## Cuid 5: Mar is féidir iarratas a dhéanamh

Comhlánaigh foirm iarratais, cuir cáipéisí faoi iamh leis an bhfoirm (cuntais a bhfuil iniúchadh déanta orthu etc) agus cuir an fhoirm isteach chuig www.cnamonline.ie faoin dáta deiridh an **12 meánlae 31 Lúnasa 2023.** Déanfar d'iarratas a mheas in aghaidh chritéir na scéime maidir leis na téamaí ar leith a bhaineann leis an mbabhta seo.

**Na nithe atá le cur isteach i d'iarratas**

Sula gcuireann tú tús le d'iarratas, tá sé ríthábhachtach do dtuigeann tú go mion cuspóirí agus riachtanais na scéime, Fuaim & Fís 4, agus cuspóirí an bhabhta seo. Faigh eolas duit féin ar na critéir cháilitheachta, fad an tionscadail, teorainneacha maoinithe, oibleagáidí tuairiscithe agus ar threoirlínte ar leith. Cuideoidh an t-eolas sin leat d'iarratas a chur in oiriúint ar an mbonn sin.

*Cur síos a dhéanamh ar Spriocanna do Thionscadail*: Déan cur síos go soiléir ar spriocanna do thionscadail agus ar an gcaoi a bhfuil siad ag teacht le téamaí an bhabhta. Faigh amach na deacrachtaí nó dúshláin ar leith a bhfuil sé d'aidhm agat aghaidh a thabhairt orthu laistigh de CÉI, Litearthacht sna Meáin agus nó Cúrsaí Digitithe, agus réimsí teicnící léirithe nach ndéanfaidh dochar don chomhshaol. Tabhair achoimre ar thionchar agus torthaí do thionscadail a bhfuiltear ag súil leis, lena léirítear an buntáiste a bheidh aige do do stáisiún, do lucht féachana agus don earnáil craoltóireachta áitiúil i gcoitinne (má bhaineann le hábhar).

*Togra don Tionscadal a Fhorbairt*:

a. Achoimre Fheidhmeach: Cuir tús le do thogra le hachoimre fheidhmeach ghonta ina dtarraingítear aird ar phríomhghnéithe do thionscadail. Ba cheart go mbeadh léargas ginearálta spéisiúil inti ar do chuspóirí, spriocluchta féachana agus ar na tionchair a bhfuiltear ag súil leis.

b. Cur síos ar an Tionscadal: Déan cur síos mionsonraithe ar do thionscadal, lena n-áirítear scóip, modheolaíocht agus amlíne an tionscadail. Mínigh go soiléir conas a rachaidh do thionscadal i ngleic le téamaí roghnaithe an bhabhta seo: Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht & Ionchuimsitheacht, Litearthacht sna Meáin, Cúrsaí Digitithe, agus Teicnící Léirithe atá Báúil don Chomhshaol a Spreagadh. Tabhair achoimre ar na gníomhaíochtaí, acmhainní agus saineolas atá de dhíth lena chinntiú go gcuirfear an tionscadal i gcrích go sásúil.

c. Pleanáil don Bhuiséad: Déan buiséad cuimsitheach a fhorbairt ina dtugtar achoimre ar chostais do thionscadail a bhfuiltear ag súil leo. Cuir isteach gach costas riachtanach, amhail pearsanra, oiliúint, margaíocht agus measúnú. Déan cinnte go bhfuil do bhuiséad ag teacht leis na teorainneacha maoinithe agus leis na treoirlínte atá leagtha síos sa Scéim. Tá cead trealamh a ceannaíodh nó costais chaipitil eile a chur isteach ag brath ar % uasta den bhuiséad iomlán. Ní mór bunús a bheith ar fáil san iarratas do cheannacháin den sórt sin agus le cur in iúl an fáth nach bhfuil an craoltóir in ann an costas sin a chlúdach. **Ní mór** go mbeadh baint ar leith ag sonraí buiséid a chuirtear ar fáil leis an tionscadal atá beartaithe i.e. níor cheart go mbeadh ach amháin costais iomlána an tionscadail atá beartaithe san áireamh sa bhuiséad iomlán.

d. *Comhoibriú idir Comhpháirtíochtaí:* Má bhaineann sé le hábhar, tabhair aird ar aon chomhpháirtíocht nó comhoibriú atá bunaithe agat nó a bhfuil sé i gceist agat a bhunú chun do thionscadal a neartú. Is féidir le comhpháirtíochtaí feabhas a chur ar an gcáilíocht, freastal agus inbhuanaitheacht a bhaineann le do thionscnamh. Is féidir le foinsí eile maoinithe a bheith san áireamh sna comhpháirtíochtaí.

Aird a Tharraingt ar Thionchar agus ar Nuálaíocht: Cuir béim ar an nuálaíocht agus tionchar féideartha a bhaineann le do thionscadal le go mbeidh níos mó seansanna agat maoiniú a fháil. Tarraing aird ar aon chur chuige uathúil nó nuálach a bhainfidh tú feidhm as agus ar an gcaoi a mbeidh siad ina mbuntáiste don spriocluchst féachana.

Measúnú agus Monatóireacht: Léirigh an tiomantas atá agat do mheasúnú agus monatóireacht trí achoimre a thabhairt ar an gcaoi a ndéanfaidh tú rath do thionscadail a mheas. Luaigh go sonrach na príomhtháscairí feidhmíochta a mbainfidh tú leas astu chun an tionchar atá ag do ghníomhaíochtaí a mheas. Cuideoidh sé sin leis an gCoimisiúin tuiscint a fháil ar an gcaoi a gcoinneoidh tú súil ar dhul chun cinn agus ar an gcaoi a ndéanfaidh tú na hoiriúnuithe riachtanacha le linn shaolré an tionscadail.

Ábhair Thacaíochta a Ullmhú: Bailigh gach ábhar ábhartha tacaíochta, amhail beathaisnéisí na mball príomhfhoirne, litreacha tacaíochtaí ó aon chomhpháirtí. Leis na hábhair sin, ba cheart go neartófaí creidiúnacht agus cumas d'fhoirne agus go léireofaí an acmhainneacht atá ag do thionscadal.

Athbhreithniú agus Profáil: Déan athbhreithniú mion ar do thogra tionscadail le haghaidh aon earráidí, neamhleanúnachas nó eolas atá ar iarraidh. Déan cinnte go bhfuil an togra soiléir, gonta agus leagtha amach go maith.

**Na nithe nár cheart a chur i d'iarratas**

Ná cuir isteach aon eolas pearsanta nó rúnda. Ba cheart eolas den sórt sin a chur isteach in aguisín rúnda amháin.

Ná cuir isteach buiséid agus/nó costáil d'aon rud seachas na rudaí sin a bhaineann go díreach, nó a thacaíonn, leis an iarratas seo a chur ar fáil.

## Cuid 6: Cén chaoi a ndéanfar m'iarratas a mheas?

Ar mhaithe le treoir d'iarratasóirí, leagann Coimisiún na Meán amach thíos an chaoi a gcuirfear na nósanna imeachta do gach céim i bhfeidhm chun na hiarratais a mheas. Is é seo a leanas na céimeanna measúnaithe agus cinntí:

- Cáilíocht
- Cáilíochtúil
- Measúnú Straitéiseach
- An Coimisiún

**An Chéim Cháilíochta:** Ní mór d'iarratasóirí roinnt critéir íosta a chomhlíonadh le go mbreathnófar ar a n-iarratas ar mhaoiniú. Ní mór dóibh a bheith incháilithe iarratas a dhéanamh agus ní mór go mbeadh an t-iarratas bunaithe ar ghníomhaíochtaí atá ceadaithe faoin mbabhta seo (déan tagairt do chuid x den Treoir), agus ní mór go mbeadh an maoiniú a iarradh laistigh de na teorainneacha atá ceadaithe. Tá an Mhaitrís Scórála Cháilíochta leagtha amach in Aguisín 1. Ní dhéanfar iarratais a mheas tuilleadh mura gcomhlíonfar na critéir íosta sin. Rachaidh Coimisiún na Meán i gcomhairle leis an iarratasóir agus cuirfear aiseolas mionsonraithe ar aon deacracht a aithníodh ar fáil ag an gcéim seo den phróiseas.

**An Chéim Measúnaithe Cháilíochtúil:** Má mheasfar an tIarratasóir agus an t-iarratas a bheith incháilithe sa Chéim Measúnaithe Cáilíochta, tá an t-iarratas cáilithe lena meas don deontas maoinithe. Is í an Chéim Measúnaithe Cháilíochtúil an chéad chéim eile agus lena linn sin déanfar an t-iarratas a mheas maidir lena fhiúntas féin i gcomhthéacs chuspóirí an bhabhta maoinithe agus critéir cháilíochtúla réamhshocraithe. Tá an Mhaitrís Scórála don Mheasúnú Cáilíochtúil leagtha amach in Aguisín 1. Déanfaimid measúnú ar an gcaoi a dtabharfaidh d'iarratas aghaidh ar théamaí an bhabhta seo agus ar an leibhéal ina léirítear san iarratas go gcomhlíonann tú na critéir eile.

Tá ceithre critéar éigeantacha ann, agus ní mór d'iarratasóir scór 50% nó níos mó a bhaint amach i ngach ceann de na critéir sin le bheith cáilithe do thuilleadh measúnuithe don deontas maoinithe. Is iad seo a leanas na critéir éigeantacha measúnaithe:

- **Luach pobail don dream a éisteann le raidió tráchtála neamhspleách**
- **Forbairt**
- **Féidearthacht & Cuntas Teiste**
- **Acmhainní & An Gá atá le Maoiniú**

**An Chéim Measúnaithe Straitéisigh:** Sna cásanna ina bhfuil níos mó iarratais cháilithe ná maoiniú ar fáil, beidh céim mheasúnaithe eile ag Coimisiún na Meán. Díreofar sin ar cháilíocht na n-iarratas aonair agus ar phacáiste iomlán na ndeontas maoinithe a chomhlíonann aidhmeanna an tionscnaimh maoinithe seo ar an mbealach is fearr. Cuirfear na moltaí deireanacha faoi bhráid na gCoimisinéirí ansin lena ndaingniú.

Tá an Mhaitrís Scórála don Mheasúnú Straitéiseach leagtha amach in Aguisín 1. Is iad seo a leanas na critéir mheasúnaithe don chéim seo:

- An éagsúlacht atá idir foinsí ábhair, tuairimí, scéalta & ionchais an lucht féachana
- Uathúlacht an ábhair
- Moltaí ó na painéil mheasúnaithe

**Breithniú an Choimisiúin:** Déanann an Coimisiún na cinntí deireanacha ar an iarratas sa chéim dheireanach agus déantar moltaí ó na céimeanna measúnaithe roimhe seo a mheas. Tá sé d'aidhm ag cinntí maoinithe Choimisiún na Meán tacaíocht a thabhairt do thionscadail a chuireann luach pobail suntasach ar fáil agus go háirithe sa chás seo leas suntasach an phobail a chuireann acmhainn cláir ar fáil ar mhaithe le hoideachas agus eolas a chur ar fáil. Tabharfaidh Coimisiún na Meán aird freisin ar na tionchair straitéiseacha a bhaineann le haon togra maidir le hinbhuanaitheacht na seirbhíse craoltóireachta fuaime.

## Cuid 7: An Próiseas Cinnteoireachta

Leanfaidh Coimisiún na Meán na nósanna imeachta seo a leanas chun oiriúnacht iarratasóra do dheontas maoinithe a mheas:

Déanfaidh painéal inmheánach de Choimisiún na Meán a mheas ar dtús cibé an gcomhlíonfar na critéir cháilíochta san iarratas mar atá leagtha amach. Áireofar orthu sin an t-iarratas a mheas in aghaidh na gcritéar cáilithe agus achoimre ar an iarratas a d'ullmhaigh an Feidhmeannach.

Sannfaidh an painéal inmheánach, tar éis plé a dhéanamh, rangú Pas nó Teip faoi gach ceann de na critéir cháilíochta atá leagtha amach sa Mhaitrís Scórála ar leathanach **10** den Treoir seo. Dícháileofar aon iarratasóir nach gcomhlíonann aon cheann de na critéir atá liostaithe agus gheobhaidh an t-iarratasóir sin aiseolas mionsonraithe ó Choimisiún na Meán.

Cuirfear iarratas incháilithe ar fáil do Phainéal Measúnaithe Cháilíochtúil a mbeidh foireann Choimisiún na Meán agus nuair is indéanta, aon mheasúnóir seachtrach amháin air. Déanfaidh gach ball den phainéal iarratas a mheas go neamhspleách agus ansin tionólfar cruinniú chun gach iarratas a phlé. Aontóidh an painéal sin an tuarascáil mheasúnaithe agus an scór gaolmhar do gach iarratas agus déanfar oiriúnacht an iarratais a mheas don deontas maoinithe. Nuair a bheidh cruinnithe measúnaithe an phainéil curtha i gcrích, lena n-áirítear sínithe a chur le cáipéisí na gcruinnithe measúnaithe, cuirfear an liosta iomlán de na moltaí maoinithe i dtoll a chéile. Má tá an méid atá molta níos mó ná an méid atá ar fáil don bhabhta seo, beidh gá le céim measúnaithe straitéisigh.

Tionóltar Painéal Measúnaithe Straitéisigh, a bhfuil foireann Choimisiún na Meán air, chun torthaí agus moltaí ón gCéim Measúnaithe Cháilíochtúil a mheas. Áirítear sa chinneadh sin aird a thabhairt ar na hiarratais, na critéir straitéiseacha agus moltaí na measúnóirí. Aontaítear ar an bpainéal le scór do gach iarratas agus aontaítear le liosta deireanach de mholtaí maoinithe. Cuirtear dréacht-mhiontuairiscí an chruinnithe agus dréachtchláir scórála thart chuig baill den phainéal lena meas agus lena gceadú. Nuair a chuirfear ainm leis na cáipéisí, dréachtaítear nóta chuig na Coimisinéirí ina leagtar amach na moltaí agus an bunús gaolmhar, lena n-áirítear sonraí ar na hiarratais, agus cuirtear an nóta sin i láthair ag cruinniú na gCoimisinéirí lena mheas, lena chinneadh agus lena dhaingniú.

**Céard a tharlóidh má chuirtear maoiniú ar fáil dom?**

Sa chás go n-éireoidh le d'iarratas agus go ndéanfar tairiscint mhaoinithe, beifear i dteagmháil leat le tairiscint mhaoinithe. Leagfar amach sa tairiscint tuairisc ghearr mheasúnaithe ar an iarratas, ar an méid maoinithe a bheidh á chur ar fáil agus ar aon téarma agus coinníoll atá ceangailte leis an tairiscint.

**Céard a tharlóidh mura gcuirtear maoiniú ar fáil dom?**
Cuirfidh Coimisiún na Meán tuarascáil mheasúnaithe ar fáil don iarratasóir mura n-éireoidh le hiarratas. Cuirfear léargas ginearálta ar mholtaí an Phainéil Measúnaithe ar fáil sa tuarascáil sin agus cuirfear aiseolas fiúntach ar fáil faoi mar a d'fhéadfadh feabhas a chur ar an iarratas. Níl aon dul thar chinneadh Choimisiún na Meán agus níl aon phróiseas achomhairc i bhfeidhm.

## Cuid 8: Conraitheoireacht agus maoiniú a tharraingt anuas

Beidh bronnadh conartha maoinithe ag brath ar an iarratasóir a n-éireoidh leis/léi ag deimhniú go bhfuil sé/sí ag glacadh leis an tairiscint maoinithe agus le haon choinníoll(coinníollacha) atá ceangailte leis an tairiscint ag Coimisiún na Meán. I dtaca leis sin éilítear ar iarratasóir a n-éireoidh leis/léi comhaontú conarthach a dhéanamh le Coimisiún na Meán, ar théarmaí a luafaidh Coimisiún na Meán go sonrach.

Cuirfidh Coimisiún na Meán suas go 95% den mhaoiniú atá bronnta ar fáil nuair shíneofar an conradh maoinithe. Íocfar an 5% atá fágtha nuair a bheidh soláthar agus dearbhú na tuarascála deiridh tionscadail curtha i gcrích.

Ní mór d'iarratasóir a n-éireoidh leis/léi cáipéisí ar leith a chur ar fáil nuair a bheidh sé/sí ag dul i mbun conradh le Coimisiún na Meán. Tá liosta neamhchuimsitheach den méid atá de dhíth ag an gcéim chonraitheoireachta ar fáil thíos. Tabhair ar aird nach gcaithfear na cáipéisí seo a bheith i bhfeidhm nuair a bheidh iarratas á dhéanamh, tá siad san áireamh anseo ar mhaithe le treoir amháin.

- Buiséad & Plean Airgeadais a bhaineann le gach tionscnamh agus torthaí gaolmhara agus aschur cláir
- Plean an tionscadail, lena n-áirítear garspriocanna, aschur agus torthaí
- Sonraí Deontais
- Deimhniú Árachais
- Eolas maidir le hImréiteach Cánach
- Eolas faoi Chuntas Bainc lena n-áirítear BIC agus IBAN

*Tabhair ar aird: Má tá aon cháipéis ábhartha ar taifead cheana féin ag Coimisiún na Meán, níl aon ghá cóip a dhéanamh díobh. Níl le déanamh ach a rá linn gur cuireadh na cáipéisí isteach roimhe.*

**Tuairisciú**
Ní mór don deontaí tuairisc a dhéanamh ar chaiteachas an deontais le deimhniú gur úsáideadh an deontas don chuspóir atá leagtha amach san iarratas ar mhaoiniú agus mar a cheadaigh Coimisiún na Meán don deontas maoinithe. Beidh na riachtanais sin leagtha amach sa chonradh maoinithe. Ní mór do gach deontaí fianaise dhoiciméadach a choinneáil ar chaiteachas a tabhaíodh in aghaidh an deontais chun críoch iniúchta. D'fhéadfadh Coimisiún na Meán iniúchtaí randamacha a dhéanamh mar a fhoráiltear sa chonradh maoinithe.

**Cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais?**
Tóg an t-am chun an Treoir d'Iarratasóirí agus an fhoirm iarratais a léamh. Bí i láthair freisin ag **seimineár gréasáin** Choimisiún na Meán d'iarratasóirí don bhabhta seo. Cuirfear gach iarratasóir incháilithe ar an eolas faoin imeacht. Má bhíonn aon cheist agat, seol ríomhphost chuig s&v4@cnam.ie.

## Cuid 9: Saoráil Faisnéise

Geallann Coimisiún na Meán go ndéanfaidh sé a dhícheall aon ábhar a chuirtear ar fáil mar fhreagra ar an bpróiseas seo a choinneáil faoi rún, faoi réir oibleagáidí Choimisiún na Meán faoin dlí, lena n-áirítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 ("an tAcht um Shaoráil Faisnéise"). Iarrtar ar Iarratasóirí agus ar Chonraitheoirí a mheas nár cheart aon chuid den fhaisnéis a cuireadh ar fáil do Choimisiún na Meán in iarratas nó le linn conraitheoireachta ina dhiaidh sin a nochtadh mar gheall ar ábhar na faisnéise, chun an fhaisnéis chéanna a shainaithint agus chun cúiseanna lena híogaireacht a lua go sonrach. Rachaidh Coimisiún na Meán i gcomhairle le hiarratasóirí faoi fhaisnéis rúnda, phearsanta nó íogair ó thaobh tráchtála de sula ndéanfar cinneadh ar aon iarraidh a fuarthas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. D'fhéadfadh faisnéis den chineál sin a eisiúint mar fhreagra ar iarraidh ar shaoráil faisnéise.

## Cuid 10: Cosaint Sonraí

D'fhonn an tionscnamh maoinithe seo a fheidhmiú go héifeachtach, beidh eolas faoin iarratasóir, faoi na hiarratasóirí comhpháirtíochta agus mioneolas ar an tionscadal/na tionscadail atá beartaithe ag teastáil uainn. Áireofar sna sonraí agus cáipéisí seo faisnéis phearsanta amhail teidil phoist, tuarastail agus seoltaí ríomhphoist. Comhlíonfaidh Coimisiún na Meán lena oibleagáidí faoin Treoir maidir leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí, faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus faoi aon dlí agus rialachán príobháideachais sonraí eile is infheidhme nuair atá aon fhaisnéis phearsanta dá leithéid a chuirtear isteach chuig an tionscnamh maoinithe seo á láimhseáil agus á próiseáil. Úsáidfear an fhaisnéis a chuirtear isteach san iarratas, lena n-áirítear aon fhaisnéis phearsanta, chun an t-iarratas a phróiseáil agus le dul i gcomhairle leis an iarratasóir. Ní choinneofar aon fhaisnéis phearsanta a chuirtear isteach ach amháin sa chás go n-éireoidh leis an iarratas. Bheadh faisnéis den sórt sin de dhíth don chonradh maoinithe agus chun feidhmíocht an deontais agus na dtorthaí gaolmhara a mheas ina dhiaidh sin. Is féidir le taighdeoirí seachtracha an fhaisnéis a úsáid freisin chun críche athbhreithniú a dhéanamh ar an tionscnamh maoinithe. I gcásanna mar sin bheadh an fhaisnéis phearsanta ar fad gan ainm. Tá oibleagáid ar Choimisiún na Meán agus tá sé tiomanta do gach faisnéis phearsanta a chuirtear isteach a chosaint mar fhreagra ar ghlao ar iarratais ar an tionscnamh maoinithe seo. Ceapadh Oifigeach Cosanta Sonraí atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí i gCoimisiún na Meán. Is féidir leat tuilleadh a fháil amach faoin gcaoi a bpróiseálann Coimisiún na Meán faisnéis phearsanta i bpolasaí Choimisiún na Meán atá foilsithe ag www.cnam.ie

## Aguisín 1 - Critéir an Mheasúnaithe

**An Mhaitrís Scórála Cháilíochta**

| Critéir | Tá/ Níl |
|---|---|
| **Cáilitheacht:** An bhfuil an t-iarratasóir incháilithe tar éis iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú agus an bhfuil an t-iarratas ag cloí le riachtanais bhunúsacha na scéime, Fís agus Fuaim 4? Tá an méid sin ag féachaint do na nithe seo a leanas:<br>a) stádas an iarratasóra ag cloí le riachtanais na Scéime agus an tionscnaimh maoinithe, an eintiteas é an t-iarratasóir a bhfuil conradh craoltóireachta fuaime tráchtála lánaimseartha aige/aici faoi láthair leis an gCoimisiún nó an cuideachta sealbhaíochta é an t-iarratasóir a bhfuil roinnt eintiteas aige/aici a bhfuil conarthaí craoltóireachta fuaime lánaimseartha acu le Coimisiún na Meán? | |
| b) an méid maoinithe a iarradh ag teacht laistigh de cheadanna teoranta an tionscnaimh maoinithe. | |
| **An bhfuil an tIarratas Comhlánaithe?** Ar chloí an t-iarratasóir leis na treoirlínte comórtais ar fad agus an bhfuil gach cáipéis ábhartha curtha isteach? (Áirítear orthu sin dearbhú sínithe ó dhuine aonair údaraithe). | |

*Ní dhéanfar iarratais a mheas tuilleadh mura gcomhlíonfar aon cheann de na critéir íosta sin. Rachaidh Coimisiún na Meán i gcomhairle leis an iarratasóir agus cuirfear aiseolas mionsonraithe ar aon deacracht a aithníodh ar fáil ag an gcéim seo den phróiseas.*

**An Mhaitrís Scórála Measúnaithe Cháilíochtúil**

| Critéir Éigeantacha | Scór atá ar Fáil |
|---|---|
| **Luach poiblí:** Cá mhéad a éireoidh leis an togra aidhmeanna an tionscnaimh maoinithe agus na scéime, Fuaim & Fís 4, a bhaint amach? Cé chomh maith agus a léirigh an t-iarratasóir go gcuideodh na tionscnaimh le pobail acmhainneacha a thógáil? Cá mhéad agus a bheidh tuairimí nua agus scéalta curtha san áireamh, a mbeidh tacaíocht leo agus a bheidh siad le cloisteáil sa togra? Cá mhéad agus a léireofar sa togra luach ar litearthacht sna meáin, den aer agus/nó ar an aer? Cén leibhéal breisíochta a chuirtear ar fáil don spriocluchT féachana? Sa chomhthéacs sin, an bhfuil an togra ag teacht le gealltanais clár an iarratasóra mar atá leagtha amach ina Chonradh Craoltóireachta Fuaime Tráchtála agus cén chaoi a gcuireann sé sin leis an sceideal agus leis an ábhar don lucht féachana? | 40 |
| **Forbairt:** Cé chomh mór agus a thacófar sa togra le forbairt an stáisiúin? An bhfuil an cur chuige i leith claochlú digiteach mionsonraithe agus an bhfuil na torthaí forbartha soiléir? Cé chomh mór agus a chuideoidh an togra leis an iarratasóir forbairt a dhéanamh ar chumas cláir a dhéanamh agus soláthar níos fearr a dhéanamh ar chúrsaí inscne, comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsitheachta den aer agus ar an aer? An bhfuil sé léirithe ag an iarratasóir go mbeadh teacht ag lucht féachana nua ar an tionscnamh agus go bhfreastalódh sé ar lucht féachana nua? Cá mhéad agus a fhorbrófar sa togra naisc níos láidre laistigh den phobal agus de na comhpháirteanna? Céard iad na cuir chuige i leith teicnící léirithe nach ndéanfaidh dochar don chomhshaol atá á nglacadh? An bhfuil an cur chuige ag teacht le polasaí comhshaoil an iarratasóra má bhaineann le hábhar? | 20 |
| **Féidearthacht & Cuntas Teiste:** An léirítear go soiléir sa togra maidir le cuspóirí, cur chuige agus pleanáil go bhfuil torthaí an tionscadail féideartha? Tabharfar aird ar cháilíochtaí, taithí agus oiriúnacht an duine nó na foirne a dhéanfaidh bainistiú ar an gcur i bhfeidhm. Déanfar cuntas teiste an iarratasóra lena Chonradh Craoltóireachta Fuaime Tráchtála reatha a mheas chomh maith le cumas an iarratasóra torthaí a sholáthar. | 20 |
| **Acmhainní & An Gá atá le Maoiniú:** An bhfuil na hacmhainní atá molta mínithe go soiléir agus an bhfuil siad sásúil agus réadúil i gcomhthéacs an togra atá molta? An léirítear luach ar airgead sa togra? Cá mhéad agus a theastaíonn an maoiniú? | 20 |

*Ní mór d'Iarratasóir 50% ar a laghad a scóráil faoi gach critéar le bheith cáilithe lena mheas do dheontas maoinithe.*

**An Mhaitrís Scórála Measúnaithe Straitéisigh**

| Critéir | Scór atá ar Fáil |
|---|---|
| **Éagsúlacht an ábhair, na bhfoinsí & ionchais an lucht féachana:** A mhéid agus a chuireann an t-iarratas le héagsúlacht an ábhair raidió agus an réimse foinsí ábhair atá molta. A mhéid agus a léirigh an t-iarratasóir an seans atá ann go bhfreastalóidh an t-ábhar atá molta ar riachtanais agus ar ionchais an lucht féachana sa réimse saincheadúnais. | 40 |
| **Uathúlacht an ábhair:** Tabharfar aird ar aon ghné uathúil nó nuálach san ábhar atá molta san iarratas. | 20 |
| **Moltaí na bpainéal measúnaithe:** a mhéid agus a thugtar aghaidh sa togra ar chritéir an bhabhta, réadúlacht an togra agus an gá atá leis an airgead agus an luach atá air. | 40 |

**Litearthacht sna Meáin**

Is í Litearthacht sna Meáin an bunús atá le daoine a chumasú leis na scileanna agus eolas chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-oibríonn na meáin sa timpeallacht seo atá ag athrú, chun cruinneas an eolais a cheistiú, chun freagra a thabhairt ar ionadaíocht mhíchothrom agus mhíchruinn, chun dúshlán a thabhairt do thuairimí antoisceacha agus i ndeireadh na dála cinntí meán atá níos eolaí a dhéanamh. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach do na daoine a bhféadfadh cúnamh a bheith ag teastáil uathu seachas sin a mbealach a dhéanamh trí thírdhreach na meán atá ag éirí níos glóraí agus trí shochaí atá dírithe ar ghiotáin fuaime. Ina theannta sin, is féidir le litearthacht sna meáin cuidiú le daoine scileanna a bhfuil géarghá leo a fhorbairt sna réimsí cruthaitheachta agus réitigh fadhbanna i dtimpeallachtaí atá saibhir ó thaobh na teicneolaíochta - réimse ina scórálann Éire níos lú ná an meán i gcomparáid le tíortha eile forbartha. Is féidir teacht ar an bPolasaí maidir le Litearthacht sna Meáin anseo: http://www.bai.ie/en/download/131565/

**Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht**

D'fhorbair Údarás Craolacháin na hÉireann Plean Gníomhaithe Inscne sa bhliain 2018. Tugtar aghaidh sa phlean ar cheithre phríomhghné chun comhionannas inscne níos fearr a chur chun cinn. Is na príomhghnéithe sin ná Bailiú agus foilsiú sonraí, Tacaíocht a thabhairt do Thaighde, Forbairt na dtionscnaimh inscne a spreagadh go hinmheánach agus le páirtithe leasmhara agus Próisis chuntasachta a fheabhsú lena n-áirítear monatóireacht agus tuairisciú.

**Tuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán**

Bhunaigh an Rialtas an Coimisiún um Thodhchaí na Meán i Meán Fómhair 2020 agus cuireadh de chúram ar an gCoimisiún moltaí a fhorbairt maidir le maoiniú poiblí inbhuanaithe agus tacaíochtaí eile lena chinntiú go bhfanfaidh na meáin in Éirinn inmharthana, neamhspleách agus go mbeidh siad in ann aidhmeanna na seirbhíse poiblí a bhaint amach. Tá 50 moladh san iomlán i dtuarascáil an Choimisiúin, a foilsíodh an 12 Iúil 2022, ar clár oibre straitéiseach iad i ndáiríre chun earnáil na meán in Éirinn a athrú ó bhonn. Is féidir teacht ar an Tuarascáil anseo: https://assets.gov.ie/229731/2f2be30d-d987-40cd-9cfe-aaa885104bc1.pdf

- Cuireann an teimpléad foirme buiséid (atá mar chuid den fhoirm iarratais) an chatagóir costas ar fáil nach mór don iarratasóir a leagan amach. Más mian leat clár bogearraí a úsáid chun do bhuiséad a thiomsú, is féidir leat é sin a dhéanamh, ach déan cinnte go leanann sé an struchtúr mar atá leagtha amach ar an leathanach seo a leanas agus go bhfuil nótaí buiséadacha ann do gach mír líne. Ba cheart duit ansin an buiséad comhlánaithe a cheangal le d'fhoirm iarratais agus an ceangaltán a mharcáil go soiléir mar 'Buiséad'.
- Más iarratas grúpa é an t-iarratas, tabhair buiséad ar leith do gach stáisiún sa ghrúpa. Má tá acmhainní comhroinnte ann, sainaithin na costais ghaolmhara agus an chaoi ar cionroinneadh iad ar fud an ghrúpa.
- Mínigh cén chaoi a bhfuil tú chun an togra, a bhfuil cur síos déanta air san iarratas, a bhaint amach trí úsáid a bhaint as na hacmhainní atá liostaithe sa bhuiséad. Ní mór d'iarratasóirí údar cuí a thabhairt leis na costais atá luaite (e.g. trí bhíthin tuisceana atá mar bhonn agus mar thaca ag na costais réamh-mheasta), agus más gá, miondealú a thabhairt ar gach ionchur.
- D'fhéadfadh costais a sannadh don tionscadal agus costais eile foirne freisin a bheith san áireamh i gcostais foirne lena n-áirítear aon chostas a bhaineann le soláthar foirne lena n-áirítear costais bhainistíochta nó mhaoirseachta, seachas aon mhaoiniú a fuarthas ó fhoinsí eile chun costais foirne a chlúdach.
- Sainaithin go soiléir na cásanna ina mbíonn níos mó ná ról amháin á gcomhlíonadh ag an duine céanna agus cuir in iúl na rátaí in aghaidh an lae a íoctar agus an líon laethanta atá molta do gach ról.
- Ba cheart go mbeadh miondealú ar aon chostas atá 'cuachta' sa bhuiséad ar fáil sna nótaí, e.g. taisteal agus cothabháil, agus ba cheart go míneofaí sna nótaí an fáth a bhfuil gá le línte costais áirithe agus a bhfuil údar leo i gcomhthéacs an togra.
- Ba cheart go mbeadh costais léirithe clár bunaithe ar an líon iomlán agus uaireanta ábhair clár a bhfuil sé i gceist agat a léiriú.
- Má tá costais a thugann tús áite do chúrsaí digiteacha san áireamh, ní mór bunús a thabhairt do sin agus ní mór miondealú ar chostais den chineál sin a chur in iúl lena n-áirítear aon soláthar rochtana as féin má bhaineann le hábhar.
- D'fhéadfadh a áireamh sna costais riaracháin agus forchostais aon chostas den chineál sin atá de dhíth chun tacú leis an togra amhail soláthairtí agus ábhair oifige, guthán, fáiltiú, árachas agus fóntais seachas aon mhaoiniú a fuarthas ó fhoinsí eile a chlúdaíonn costais riaracháin agus forchostais.
- Ba cheart d'iarratasóirí achoimre ar na hearraí atá curtha san áireamh sna forchostais a chur isteach freisin agus tabhair eolas faoin gcostas árachais atá léirithe.
- Ní mór nóta d'aon líne "eile" atá san áireamh a chur ar fáil.